



Rewarding Learning
ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2025

Stair

Aonad Measúnaithe AS 1
Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire



SHY11

[SHY11]
DÉ CÉADAÓIN 14 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Roghnaigh **aon** rogha **amháin**.

Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b)** agus Ceist **2** as an **rogha agat**.

Léirigh go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú trí thic a chur sa bhosca ar leathanach 2.

Cuir tús, le do thoil, le gach ceist ar leathanach nua.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

Rogha 5: An Ghearmáin 1919–1945

Freagair Ceist 1(a) nó 1(b) agus Ceist 2.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 1.

1 Ceachtar acu

- (a) Déan anailís ar thionchar Chonradh Versailles ar an Ghearmáin faoi Weimar sa tréimhse 1919–1923. [10]

Nó

- (b) Déan anailís ar na gnóthachtálacha eacnamaíocha a bhain le Gearmáin na Naitsithe sa tréimhse 1933–1936. [10]

2 Léigh Foinse 1, Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B agus freagair na ceisteanna a leanann:

Tionchar Bhuamáil na gComhghuailithe ar Mhuintir na Gearmáine 1939–1945

Foinse 1

Sliocht as dialann Ursula von Kardorff, 30 Eanáir 1944. Ba bhean óg uasal de chuid na Prúise í Kardorff a bhí ag cur fúithi i mBeirlín agus nach raibh báúil le réimeas na Naitsithe. Tá sí ag freagairt don bhuamáil a rinne na comhghuailithe ar Bheirlín.

Tá athfhuinneamh ionam, é measctha le dúshlánacht. Is cinnte nach bhfuil mé díomuach ná briste. An é sin a bhfuil na Sasanaigh ag iarraidh a bhaint amach lena n-ionsaithe ar an phobal shibhialtach? Más amhlaidh gurb é, níl ag éirí leo. Tá aird gach duine ar a chuid buarthaí féin. An bhfuil mo bhloc árasán ina sheasamh go fóill? Cá háit a bhfuil an foscadán aer-ruathair is fearr? Tá na buamaí ag titim ar Naitsithe agus ar fhrith-Naitsithe araon agus tá siad ag tabhairt an náisiúin le chéile. I ndiaidh gach aer-ruathair, tugtar ciondálacha speisialta amach, amhail toitíní, caife ceart agus feoil. ‘Tabhair arán dóibh agus rachaidh siad leat’ – sin an rud a shíleann na Naitsithe. Má chreideann na Sasanaigh go mbainfidh siad dár meanma, is mór an dul amú atá orthu.

Cruthú Dheachtóireacht na Naitsithe 1933–1934

Léirmhíniú A

Sliocht as J. Noakes agus G. Pridham, *Nazism 1919–1945: Volume 1*, a foilsíodh in 1999.

Ar an 27 Feabhra 1933, seachtain roimh an toghchán, cuireadh foirgneamh an Reichstag trí thine. Rugadh ar Chumannaí óg Ísiltíreach darbh ainm van der Lubbe san fhoirgneamh, san ócáid más fíor. Ba thráthúil mar a tharla an tine do na Naitsithe nó thiocfadh leo a mhaíomh go raibh na Cumannaithe ag beartú réabhlóide, rud a thabharfadh údar le gabhálacha as éadan. Bhain na Naitsithe lántairbhe as a ndeis. Ar an 28 Feabhra 1933, ritheadh an t-acht reachtach aonair is tábhachtaí sa Tríú Reich, mar a bhí Foraithe Uachtarán an Reich um Chosaint an Phobail agus an Stáit. Leis an Fhoraithe, cuireadh cearta sibhialta ar fionraí agus cuireadh na bunúis dlí ar fáil don réimeas uafáis agus imeaglaithe a leanfadh. Bhíothas ábalta ‘coimeád cosantach’ a thabhairt isteach dá barr, rud a d’úsáideadh an Gestapo le daoine a chur i bpríosún gan triail. I dtoghchán an Reichstag ar an 5 Márta 1933, bhain na Naitsithe 288 suíochán, i gcomparáid le 196 suíochán i dtoghchán Shamhain 1932.

Léirmhíniú B

Sliocht as J. Hite agus C. Hinton, *Weimar and Nazi Germany*, a foilsíodh in 2000.

In imeacht ocht mí dhéag i ndiaidh gur ceapadh ina Sheansailéir é, bhí deachtóir déanta ag Hitler de féin. Bhí an chumhacht aige foraitheanta a eisiúint agus ní raibh bealach dlíthiúil ann le duine eile a chur ina áit. Ba í Oíche na Sceana Fada i Meitheamh 1934 an ócáid ba dhrámatúla agus ba shuntasáí agus forlámhas Hitler á bhunú. Ba iad ceannasaithe an SA na híospartaigh ba mhó. Anois agus Hitler i gcumhacht, ní raibh gá chomh mór céanna aige leis na rúidtrúpaí úd a d’fhéadfadh a bheith easumhal agus a raibh smaointe radacacha acu. San am chéanna, thug an SS faoi dhaoine eile nár thaitin le Hitler nó a chuir eagla air. Chosain Hitler a ghníomhartha go bródúil leis an Reichstag agus ghlac lánfhreagracht astu. Bhí na ginearáil sásta le lagú an SA agus leis an ghealltanas go mbeadh níos mó tionchair ag an arm. Mhol roinnt ginearál go nglacfadh an t-arm mionn le Hitler a cheangal den arm, ach níorbh é an t-arm, ach an SS a ndeachaigh an scéal chun sochair dóibh i ndáiríre.

- (a) **Déan Staidéar ar Fhoinsé 1.** Cé chomh húsáideach agus atá Foinsé 1 mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéar ar thionchar bhuamáil na gcomhghuaillithe ar mhuintir na Gearmáine sa tréimhse 1939–1945?

Caithfidh tú eolas comhthéacsúil a úsáid i do fhreagra.

[20]

- (b) **Déan staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.** Bíonn dearcthaí difriúla ag staraíthe ar shaincheisteanna ar leith. An dá léirmhíniú agus do thuiscint ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu de na léirmhínithe difriúla seo is inchreidte dar leat, maidir leis na heachtraí suntasacha a bhain le cruthú dheachtóireacht na Naitsithe in 1933–1934?

[30]

Foinsí

Léirmhíniú A.....© Nazism 1919-1945 Volume 1: The Rise to Power 1919-1934), Jeremy Noakes publisher University of Exeter Press (1998) ISBN: 978-0859895989

Léirmhíniú B.....© Weimer and Nazi Germany, Chris Hinton and John Hite publisher Hodder Education (2000) ISBN: 978-0719573439

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



Rewarding Learning

General Certificate of Education

LEABHRÁN FREAGRAÍ

Ábhar

Stair

Aonad

1

Cód Comhpháirte

SHY11

Mí agus Bliain

--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--



SHY11

AS 1

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Léigh na treoracha seo go cúramach

Roghnaigh **ceachtar acu Rogha 1, 2, 3, 4 nó 5.**

Ná scríobh d'ainm ar an Leabhrán Freagraí seo ná ar aon ábhar eile a úsáidtear sa scrúdú seo.

As do rogha, freagair **ceachtar acu ceist 1(a) nó 1(b).** Freagair Ceist 2 as do rogha. Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann luaidhe ná le peann glóthaí.**

Ná húsáid sreabhán ceartaitheach le meancóga i do chuid freagraí a cheartú.

Scríobh d'Uimhir Lárionaid, d'Uimhir Iarrthóra agus Mí agus Bliain sna spásanna thuas.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin. Ná scríobh taobh amuigh den bhosca ná ar imeall na leathanach.

Taobh istigh den leabhrán, ticeáil do rogha sa bhosca atá sa cholún ar leathanach 2.

Taobh istigh den leabhrán, scríobh uimhir na ceiste sa cholún ar thaobh na lámhe clé in aice le do fhreagra.

Cuir tús, le do thoil, le gach ceist nua ar leathanach nua.



